Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

# POLASAÍ AN tSÉALA

**Leagan: 2**

**Dáta ar dhaingnigh Foireann Bainistíochta Sinsearaí BOOÁCDL é: 11/03/2024**

**An Dáta ar nótáladh é ag Bord Bainistíochta BOOÁCDL: 25/03/2024**

**Sínithe ag:** ______________________ **(PF)**

**Uaslódáilte chuig Inlíon BOOÁCDL** ☐

**Leaganacha Béarla agus Gaeilge uaslódáilte ar Shuíomh Gréasáin BOOÁCDL:**
**Tá:** ☐ **Níl:** ☐

**Dáta le haghaidh an athbhreithnithe: 25/03/2025**

| | |
|---|---|
| Uimhir an Pholasaí: PL/004 | Uimhir an Leagain: v2/2024 |
| Leaganacha roimhe seo: v1/2018 | An Dáta Tosaithe: 25/03/2024 |
| Faofa/Nótáilte ag an mBord: 25/03/2024 | Dáta an athbhreithnithe: 25/03/2025 |

# Polasaí Séala BOOÁCDL

## 1. IIs é aidhm an Pholasaí seo

Is é aidhm an Pholasaí seo ná úsáid agus cosaint cheart an tSéala a chinntiú.

## 2. Sainmhíniú

D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar an Séala doiciméid amhail Conarthaí agus Deimhnithe a fhíordheimhniú.

Tagraíonn Sceideal 3 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 do Shéala Boird Oideachais agus Oiliúna mar seo a leanas:-

S1.(1) Beidh bord oideachais agus oiliúna ina chomhlacht corpraithe le comharbas suthain agus séala oifigiúil agus beidh cumhacht agartha aige, agus féadfar é a agairt, ina ainm corpraithe, agus beidh cumhacht aige, faoi réir *alt 53* agus faoi aon rialachán arna ndéanamh faoin alt sin, le toiliú an Aire, talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt, agus beidh cumhacht aige aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

S1.(2) Fíordheimhneofar séala boird oideachais agus oiliúna le—

(*a*) síniú an chathaoirligh agus síniú comhalta d'fhoireann an bhoird a bheidh údaraithe i scríbhinn chun na críche sin ag an mbord, nó

(*b*) síniú an phríomhfheidhmeannaigh agus síniú comhalta d'fhoireann an bhoird a bheidh údaraithe i scríbhinn chuige sin ag an mbord.

S1.(3) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an bhoird agus glacfar i bhfianaise aon doiciméad a airbheartóidh gur ionstraim é a rinne an bord agus a séalófar le séala an bhoird agus measfar gur ionstraim den sórt sin é gan a thuilleadh cruthúnais, mura suífear a mhalairt.

## 3. Infheidhmeacht

Baineann an Beartas seo le foireann BOOÁCDL (ar a dtugtar an tIarrthóir leis seo) a dteastaíonn úsáid an tSéala uathu chun a ndualgais oifigiúla a chomhlíonadh.

Úsáideann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó an tOifigeach Tarmligthe an tSéala nuair a fhaomhtar doiciméid tacaíochta.

# 4. Nós Imeachta agus Freagrachtaí

Tá an Séala le stóráil in áit shlán, i gcónaí, in oifigí na Seirbhísí Corparáideacha.

Tá an tIarrthóir chun doiciméad/doiciméid a éilíonn marc Shéala an BOO a thabhairt chuig an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin nó chuig an Oifigeach Tarmligthe lena athbhreithniú/n-athbhreithniú agus lena cheadú/gceadú.

Tá sé de fhreagracht ar an Iarrthóir a chinntiú go ndearnadh an doiciméad/na doiciméid a éilíonn an Séala a riar agus a fhaomhadh go cuí sula séalaítear é/iad.

Tá loga ag gabháil leis an Séala, atá le coinneáil gach uair a úsáidtear an Séala. Tá na sonraí seo a leanas le cur san áireamh sa loga:- dáta úsáide an tSéala, ainm agus cineál an doiciméid/na ndoiciméad a éilíonn séalú agus inisealacha an Iarrthóra.

Tá an loga faoi réir Seiceálacha Comhlíonta.

Féadfaidh Iniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha, mar chuid dá bpróisis Iniúchóireachta, a iarraidh freisin féachaint ar Loga Séala an BOO.